

Táinig tairngire na n-éarlasmh

[Williams, N. J. A.: *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (Irish Texts Society 51, 1980), poem 6]

1 Táinig tairngire na n-éarlasmh -
uaisle Fódla feirrde dháibh;
ní cian go bhfóirthear a bhformod -
fóirfear ar fhiadh bhfonnbhog bhFáil.

2 Amharas fa fhad go dtáinig
ar dhá dtrian ar thairngir siad;
briathra na gcéadbhuileadh creididh -
nír bréagnuigheadh eidir iad.

3 Nír chreid Dá Thí ar thairngir Finnéan:
Fódla ag Gallaibh, gníomh nár cheil;
Goill do theacht i ngoire Ghaoidheal,
reacht oile nár saoileadh sein.

4 Bearchán tresan mbuile n-oirdheirc
do innis thall - trom an fras -
tuir do ghaoineadh re taobh Teamhrach;
do sgaoileadh Aodh Eanghach as.

5 Tú Aodh Eanghach innse Gaoidheal
gheabhas Éirinn, ard a nós;
mar táid Gaoidhil re gairm h'anma,
faoilidh ret ainm Banbha bhós.

6 Is tusa ro thairngir Bearchán
san mbuile tre bhriathruibh Dé;
tú do gheall béal Colaim Chille;
fatréan orainn ime é.

7 Comhghall Beannchair, Baoithín Airtigh
'got fhurógra, a fholt na lúb,
ní beacht leam, a Aodh, dot fhógra
naomh nachar gheall Fódla fúd.

8 Aithreamhail ar n-éirghe mochthráth
mullach do chinn 's is cas h'fholt;
ní tearc id chlóbharr ciabh buidhe;
niamh na móann uile ort.

9 Ceinéal gConaill, cúigeadh Almhan,
uaisle Connacht fad chéibh dtigh,
ríoghraídh cheannghas ar lógh laoidhe,
eanglas is lór saoire sin.

10 Is eanglas meadha i measg fhíona
eanglas Connacht tre Chlann Néill;
ris an droingsin gi-bé bheanas
do fhoillsigh sé a bhfeabhas féin.

11 Uaisle Mumhan, maithe Connacht
cuisgreach glan fad ghruaidh mar shuibh,
Clanna Briain ó fhionnMhaigh Áine
's ó Chliaigh iobhraigh Máighe a-muigh.

12 Meic Mhurchadha, mílidh Fhódla,
umad móide millfe téar;
na sluaigh a-neas ó Nás Laighean,
nír fhás theas acht daighfhear dhíbh.

13 Lasair Fhíona, inghean Chathail
Chroibhdheirg, ar do chúl a-tá,
bean nár tubhadh glór 'nar ghnáthaigh;
Mór Mumhan máthair na mná.

14 Inghean mhic Mhurchadha máthair
Móire Mumhan fa mhall troigh;
a bláth ag nach buan an sneachta -
dual do chách teachta dá toigh.

15 Fa Almhain budh eolach romhad
ríoghraíd Chualann na gcorn mbreac;
urlamh beanaid ris na bailibh -
cungnamh dhleaghaid Laighin leat.

16 Fir Mhumhan do mhóradh Gaoidheal
géabhaid leat an lá bhus teo;
tiucfa go Lios Macha is Muimhnigh
is racha d'fhius Luimnigh leo.

17 Uime is treise tugsad Gaoidhil
grádh coitcheann dod chneas mar aol:
(do chaidribh deanas do dhuine)
feabhas h'aignidh uile, a Aodh.

18 Ní aithghéan, a Aodh Í Dhomhnaill,
díot mo riár dá rús id phort;
is fada ón ór fhalla m'agháil;
lór dhamhsa dom aráil ort.

19 Ion Chuinn ordughadh do ríghe,
a rí súlgorm Sléibhe Fuaid;
dod chomharthaibh, a i Chathail,

sobharthain an achaidh uaid.

20 Talamh, fairge ag fearthain fháilte,
éasga is grian red ghruaidh mar rós;
neoill na hirminnte 'got fhógra,
finnlinnte na Fódla fós.

21 longnadhb ó uisgeadhaibh Fódla
fáilte i Chonaill ó Charn Fraoich;
is beag nach balbh gach sruth sléibhe;
do mharbh bruth na gréine an ngaoith.

22 Gach doire ar ndeargadh a chaorthann;
coil ag sléachtain re síni mbailbh;
na cuill, na droighin, na dreasa
ón bhoirnigh thruim measa ag maidhm.

23 Atá ar gcromadh gach craobh darach;
do dhluigh cnuas gach coill nár leag;
atá ar mbloghadh barr gach abhla;
toradh crann mBanbha ní beag.

24 Gach fiadh glas re gréin an fhoghamhair
d'fheadhaibh Banbha dán binn h'ainm,
iomdha a dairghibh arda an fheadha
balga a faighnibh meal a ag maidhm.

25 Ag do ríoghadh, a rí Fódla,
feirrde Banbha an biseach rug
- budh leat seoid chraoi theallaigh Thuathail -
gnaoi ar cheallaibh 's ar thuathaibh tug.

26 Budh leat Muimhnigh i measg Connacht;
im chuírtibh clach cleachtait gleo;
do-bheir duinne i ndath na nglaschlach
clach 'na buinne lasrach leo.

27 Leat Conall is cungnamh Gaoidheal;
Goill it aghaidh aithnidh daoibh;
druid ort re himreasain ngallda
olc d'fhínnleasaibh arda aoil.

28 Do budh é gliocas Gall nÉireann
iarraidh do shíthe ó sho a-mach;
ar mbuain re hallmharchaibh úicfe
'na ndamhdhabhchaibh cúirte clach.

29 Cionnus choiseonas cíos Gaoidheal -
Goill do léim ní lag an snaidhm -

gan bhéim ort, a Aodh í Dhomhnaill?
ná taobh tocht a horlainn aim.

30 A Aodh i Éigeanacháin Uisnigh,
urchar id lurg ní lamh tóir;
ní fhéach oraibh cách do chnocaibh;
sgáth romhaibh ní docair dhóibh.

31 Mór anocht - aidhbhseach i lúirigh -
lorg an ghaoi nach gabhdaois uird;
iongnadh linn líne do chleithe,
míne a cinn is leithe a luiрг.

32 Is tú is treise thairngeas bogha
dá mbí i ndeabhaidh re dáil fras;
do chrann arna bhéin id bhiodhbhaidh,
ní léir barr a fhiodhraidh as.

33 A Aodh mhic Dhomhnaill í Dhomhnaill,
déana longphort ós Loch Rí;
do ríghe ina síodh ní seachmhaidh:
díon na síne ar fhearthain í.